



Polasaí Iontrála

Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí i Mí Meitheamh 2020. Tá sé foilsithe ar aip na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Gaelscoil an Bhradáin Feasa leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht le chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas.

1. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Aidhmeanna agus Dúnghaois

Bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach chomhoideachais le héiteas ilchreidmheach faoi phátrúnacht an Foras Pátrúnachta is ea Gaelscoil an Bhradáin Feasa.

Bunaíodh an scoil sa bhliain 2007 leis na haidhmeanna seo a leanas:

- Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge;
- Timpeallacht Ghaelach a chur ar fáil agus dúil sa Ghaeilge agus i saíocht na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí agus na dtuismitheoirí. Is príomhchuspóir de chuid na scoile í an teanga a chothú.

Ciallaíonn 'éiteas ilchreidmheach' :

- Sí Fís Gaelscoil an Bhradáin Feasa ná timpeallacht foghlamtha dearfach, taitneamhach,

oscailte a chothú, áit go ndéantar céiliúradh, mealladh agus spreagadh ar fhéiniúlacht an pháiste. Spreagtar meas agus cúram dár dtimpeallacht i bpobal iomlán na scoile.

2. Mar Ghaelscoil, cothaímid grá agus tuiscint don teanga Gaeilge. Sí an Ghaeilge Gnáth theanga cumarsáidena scoile agus cuirfear í chun cinn i mbealach dearfach tríd pobal iomlán na scoile.
3. Cothaíonn ár scoil timpeallacht ina spreagtar agus mealltar daltaí agus múinteoirí araon. Mar phairtnéirí san oideachas cuirtear fáilte roimh agus spreagtar tuismitheoirí chun ról lárnach a ghlacadh i ngach ghné de shaol na scoile.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phátrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnda, sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn chuspóirí agus reachtáil na scoile.

Is é ár nDúnghaois i Gaelscoil an Bhradáin Feasa ná sár-oideachas lán-Ghaelach ilchreidmheach a chur ar fáil do dhaltaí na scoile mar bhunscoil chomhoideachais.

Cuirimid ár nDúnghaois i bhfeidhm trí:

- (a) Cothrom na Féinne a thabhairt do Phobal na Scoile ar bhealach cairdiúil, cothrom, réasúnta
- (b) Béim a chur ar fhorbairt Phobal na Scoile mar shaoránaigh d'Éirinn agus den domhan
- (c) Meas orainn féin agus ar dhaoine eile agus ar ár gcultúr Gaelach agus ar chultúir eile a chothú.
- (d) Béim a chur ar shábháil agus ar shástacht dhaltaí
- (e) Na daltaí a ullmhú don oideachas iarbhunscoile agus don saol amach rompu

Creidimid go bhfuil na haidhmeanna agus an dúnghaois seo ag teacht le fíis an Choiste Bunaithe.

2. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Gaelscoil an Bhradáin Feasa idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- (i) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (ii) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (iii) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (iv) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (v) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (vi) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (vii) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (viii) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
- (ix) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachais 1998, forléireofar 'foras stádais sibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

3. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta

Is scoil í Gaelscoil an Bhradáin Feasa a bhunaigh rang amháin, le cead an Aire Oideachais agus Scileanna, a chuireann oideachas ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil diagnóis de Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU) catagóir nó catagóirí de riachtanais speisialta oideachais acu atá sonraithe ag an Aire agus d'fhéadfadh sé go ndiúltofaí isteach sa rang do dhalta nach bhfuil an chatagóir riachtanas acu atá sonraithe.

4. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

- a. i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach [alt 6](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
- b. i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

Bhunaigh Gaelscoil an Bhradáin Feasa le cead ón Aire Oideachais agus Scileanna, rang amháin chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais ag gabháil dóibh. Feidhmníonn an rang seo trí mheán na Gaeilge, mar chuid d'éiteas teangeolaíochta na scoile

5. Ró-iarratas

**Ní mór do pháiste breithlá 4 bliana d'aois a bheith acu ar an 1 Bealtaine den bhliain a bheadh sé i gceist acu tosú i Naíonáin Bheaga. Cuirfidh aon iarratas do pháiste a bheidh breithlá 4 bliana d'aois acu idir an 1 Bealtaine agus an chéad lá scoile ar an bpríomhliosta feithimh i gcás ró-éilimh & d'fhéadfaí áit a thairiscint dá mbeadh áit scoile ar fáil tar éis do na critéir a bheith curtha i bhfeidhm.

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith agus sa scoil ina hiomláine a leagadh síos.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar sna Naíonáin Sóisireacha agus Naíonáin Sinsireacha ná 60.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar in aon rang-leibhéal Rang 1-6 ná 62

I gcás ró-éilimh, is mar seo a dháilfear na háiteanna:

Naíonáin Shóisireacha

Maidir le hiarratais a fuairthas do na blianta 2021, 2022, 2023, 2024, 2025 roimh an 1/2/20, déilealfar leis na hiarratais sin faoi fhorálacha an Pholasaí Cláraithe a bhí i bhfeidhm ag an am sin.

Is mar seo a chuirfear na hiarrathóirí sa dá chatagóir sin in ord. Cuifear na hiarrthóirí i ngach fo-chatagóir thíos in ord de réir chrannchuir phoiblí.

1. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile.
2. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.*
3. Páistí a bhfuil deartháir, deirfiúr, leath-shiblín, siblín altramaigh nó uchtaithe acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin.
4. Páistí a bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir acu ina b(h)all foirne ag Bord Bainistíochta na Scoile.
5. De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.

***Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.**

- (a) Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ar chomhchéim le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socrúithe a leanas:
Tá sé de cheart ag Bord na scoile uaslíon na ndaltaí in aon rang ar leith a leagadh síos. Is é an uaslíon daltaí a cheadófar sna Naíonáin Shóisearacha ná 30. Áirítear san uimhir seo páistí a bhfuil spás acu sa rang speisialta ach atá sa ceangailte leis an rang príomhshrutha.
- (b) Má tá beirt daltaí nó níos mó ceangailte faoi chritéar 1/2/3, socrófar tús áite de réir an chéad chritéar eile ar an liosta. Má tá critéar 5 i gceist, cuirfear san áireamh an t-am ar rugadh an leanbh atá ar fáil ar an deimhniú breithe.

(c) Iarratais dhéanacha.

Nóta: Sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/ aici sa Ghaeilge tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú do ionadaithe an Bhord Bainistíochta. **Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas ach amháin i gcás fianaise a chuirfear ar fáil trí fhreastal ar chruinniú sa scoil má lorgaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí an deis freastal ar a leithéid de chruinniú. Cuirfidh an**

Bord Bainistíochta cruinniú dá leithéid ar fáil ar iarratas agus de réir acmhainní agus socrúithe an bhoird chuige.

Muna nglactar leis an bhfianaise cuirfear an páistí i gcatagóir eile, de réir mar is cuí. Is féidir achomharc i scríbhinn/ríomhphost a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de sheachtain amháin ón gcinneadh a fháil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deireannach. (An córas achomarc le hoibriú amach. Sílim go n-iarrfar ar bheirt ionadaí eile ón mBord an fhianaise a bhreithniú. Ní cheadófar fianaise nua.)

Más mó líon na n-iarratas in aon chatagóir ná líon na spásanna ar fáil don chatagóir sin, cuirfear na hiarrthóirí go léir sa chatagóir sin in ord ar crannchur.

6. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

Ní mór do scoileanna pointí (a) go (g) a chuimsiú anseo. Tá eisceachtaí teoranta ann ó chúis díobh seo agus ní mór do scoileanna na heisceachtaí a bhaineann leo a choinneáil agus iad sin nach mbaineann a scriosadh:

1. *freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,*
2. *íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;*
3. *cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht- ligean isteach chuig rang speisialta a mhéad is gá chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil an chatagóir riachtanas speisialta oideachais lena mbaineann ag an dalta agus / nó - ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht*
4. *gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;*
5. *ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;*
6. *ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin; seachas, i gcás siblingí dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil de réir mar atá leagtha amach thuas.*
7. *an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála.*

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

7.Cinntí ar iarratais

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil an Bhradáin Feasa bunaithe ar na nithe a leanas:

1. Polasaí iontrála na scoile
2. Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
3. An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil le agus i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

Ní úsáidfeadh critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

8.Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas i ríomhphost/ scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfeadh na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéir roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfeadh teimpléid ar fáil chuige seo.

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach [alt 18](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

9.Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir – treoir don tuismitheoir/chaomhnóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Gaelscoil an Bhradáin Feasa, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.
- cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

Cuirfeadh teimpléid ar fáil chuige seo.

10. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh nó ar féidir tairiscint a tharraingt siar dá mbarr.

Ní féidir le Gaelscoil an Bhradáin Feasa tairiscint iontrála a dhéanamh, nó is féidir tairiscint a tharraingt siar, sna cásanna a leanas:

- a) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
- b) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
- c) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
- d) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in [alt 10](#) thuas.

Cuirfear teimpléid den litir tairisceana ar fáil.

11. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:

- (i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,
- (ii) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó
- (iii) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile.

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:

- (i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;
- (ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;
- (iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile;
- (iv) sonraí pearsanta dalta(i) lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

12. Liosta Iarrthóirí i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta iarrthóirí de dhaltáí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelscoil an Bhradáin Feasa mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh sé bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar Liosta Iarrthóirí Gaelscoil an Bhradáin Feasa san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo. Cuirfear aon iarratas a fhaightear tar éis an dáta deireannach d'iarratais ag bun an Liosta Iarrthóirí de réir an dáta a fhaightear an t-iarratas.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

13. Iarratais Dhéanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

Cuirfear iarrthóirí déanacha ar an eolas faoin gcinneadh maidir lena n-iarratas laistigh de thrí seachtaine ó dháta an iarratais. Tairsceofar áiteanna d'iarrthóirí déanacha má tá spásanna ar fáil. Muna bhfuil spásanna ar fáil cuirfear na hainmneacha ar an Liosta Iarrthóirí mar atá leagtha amach i Mír 13.

14. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:

Clárúcháin sna Naíonáin Shinsearacha

Má bhíonn folúnta(i)s sna Naíonáin Shinsearacha agus níos mó iarratas ar áiteanna ná mar atá folúntas déanfar na háiteanna sin a dháileadh de réir na gcritéar do na Naíonáin Shóisireacha.

Clárúchán i Ranganna seachas na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsireacha

- Glacfar le páistí i ranganna Rang 1 – Rang 6 má tá spás sa rang, agus má shíleann an Príomhoide/Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar theanga eile chun cumarsáid a dhéanamh. **Is faoin tuismitheoir a bheidh sé fianaise chuirge seo a chur os comhair an Bhord Bainistíochta leis an iarratas.**
- Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile.
- Má fhaighimid iarratais d'áit i rith na bliana déileálfar leis ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta. Má tá folúntas/ folúntais i rang agus níos mó iarratas ná mar atá folúntais cuirfear in ord iad de réir na gcritéar céanna atá leagtha amach thuas do na Naíonáin Shóisireacha. Caithfear fianaise ar leibhéal sásúil líofacht sa Ghaeilge a chur ar fáil sula dtairsceofar áit. Muna nglacann an Bord Bainistíochta leis an bhfianaise, tairsceofar an áit don chéad iarrthóir eile.
- Is ag cruinniú na Bealtaine den Bhord Bainistíochta a dhéileálfar le hiarratais atá faighte roimhe sin don chéad scoilbhliain eile. Déileálfar le hiarratais a thagann ina dhiaidh sin ag aon chruinniú eile roimh shaoire an tSamhraidh. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta údarás don Phríomhoide nó do dhaoine eile déileáil le hiarratais de réir pholasaí na scoile thar a cheann idir chruinniú deireanach na scoilbhliana agus chéad chruinniú na scoilbhliana nua.

15. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh bord Gaelscoil an Bhradáin Feasa ná aon duine a ghníomhaíonn thar a ceann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranniocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

- (I) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
- (II) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

8. An ceart chun athbheithnithe/achomhairc

Athbheithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn iarraidh ar an mbord athbheithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbheithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbheithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbheithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta athbheithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta athbheithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta athbheithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbheithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta athbheithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbheithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.



Admission Policy

*The English-language version below is a translation of the Irish-language version. The Irish-language version holds precedence for the purpose of interpretation.

Introduction

This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

The policy was approved by the school patron in June 2020. It will be published on the school's app and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.

The relevant dates and timelines for Gaelscoil an Bhradáin Feasa admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.

The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

1. Characteristic spirit and general objectives of the school

Gaelscoil an Bhradáin Feasa is a multi-denominational, all-Irish primary school under the patronage of An Foras Pátrúnachta. It is a co-educational school established in 2007.

a) To provide a primary school education through the medium of Irish for all pupils irrespective of the main language spoken at home and to foster fluency in them in the Irish language;

b) To provide an environment where the desire to learn the Irish language can be fostered among pupils and parents alike.

Multidenominational Ethos" promotes:

1. Gaelscoil an Bhradáin Feasa's vision is to create a positive, caring, open learning environment, where each child's individuality is celebrated, encouraged and nurtured.

2. As a Gaelscoil, we foster a love and respect of the Irish language, culture and traditions. Irish is the language of the school and is positively promoted throughout the school community.

3. Our school creates an environment where a love of learning inspires and motivates both students and teachers alike. Parents/guardians, as partners in education are welcomed and encouraged to participate openly in all aspects of school life.

In accordance with S.15 (2) (b) of the Education Act, 1998 the Board of Management of [ainm na scoile] shall uphold, and be accountable to the patron for so upholding, the characteristic spirit of the school as determined by the cultural, educational, moral, religious, social, linguistic and spiritual values and traditions which inform and are characteristic of the objectives and conduct of the school.

It is our Mission here in Gaelscoil an Bhradáin Feasa to provide an excellent all-Irish multid denominational education for the pupils as a co-educational primary school.

We will do this by:

- (a) Treating the school community justly in a friendly, equitable and fair manner.
- (b) By emphasizing the development of the school community intellectually, emotionally, physically, spiritually, aesthetically and socially as citizens of Ireland and the world.
- (c) By encouraging respect for ourselves and for others, for our Gaelic/Irish heritage and for other cultures.
- (d) Emphasizing the safety and happiness of our pupils.
- (e) Preparing our pupils for post-primary education and for their future lives.

We believe this Statement is true to the vision of the founding committee of Gaelscoil an Bhradáin Feasa

2. Admission Statement

Gaelscoil an Bhradáin Feasa will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:

- (i) the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (ii) the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (iii) the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (iv) the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (v) the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (vi) the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (vii) the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (viii) the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or
- (ix) the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs

Gaelscoil an Bhradáin Feasa is a school which has established 1 special class, with the approval of the Minister for Education and Skills, which provides an education exclusively for students with a category or categories of special educational needs specified by the Minister and may refuse to admit to the class a student who does not have the category of

needs specified. The class functions through the medium of Irish.

As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000.

3. Categories of Special Educational Needs catered for in the school/special class

Gaelscoil an Bhradáin Feasa, with the approval of the Minister for Education and Skills, has established 1 class to provide an education exclusively for students with Autism Spectrum Disorders (ASD).

4. Admission of Students

This school shall admit each student seeking admission except where –

- a. the school is oversubscribed (please see [section 6](#) below for further details)
- b. a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student

The special class attached to Gaelscoil an Bhradáin Feasa provides an education exclusively for students with ASD and the school may refuse admission to this class, where the student concerned does not have the specified category of special educational needs provided for in this class. These classes function through the medium of Irish.

5. Oversubscription

****Admission Requirement :** A child must have their 4th birthday before May 1st of the year they intend to start Naíonáin Bheaga. Any application for a child who will reach their 4th birthday between 1st May and the first day of the school year will be placed on the main waiting list in the event of over-demand & may be offered a place if a school place becomes available after criteria have been applied.

In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria in the order listed below to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:

Selection Criteria

The Board of Management may set down the number of pupils on any class and in the school in total. The maximum number of children in Junior and Senior Infants will be 60 in each. The maximum number of students at any level in Rang 1 – Rang 6 will be 62. In case of excess demand, this is how places will be allocated:

Junior Infants

Applications received before 1/2/20 for the years 2021, 2022, 2023, 2024, 2025 will be dealt with under the Enrolment Policy in force at that time.

If there are more applicants than there are places available, places will be allocated as follows:

1. **Brothers, sisters, half-siblings, foster children or adopted children of current pupils.**
2. **Children who have attained a determined level of fluency in Irish which would be likely to decline if he / she is not admitted to an all-Irish school. ***
3. **Children who have a brother, sister, half sibling, foster or adopted sibling who have previously attended the school.**
4. **Children who have a parent or guardian employed by the School's Board of Management.**
5. **According to age; the oldest child first.**

**The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the required level of fluency in Irish. See further information in the relevant document available from the school.

(a) In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), the following arrangements will apply:

The school Board reserves the right to set the maximum number of pupils in any given class. The maximum number of pupils to be admitted in Junior Infants shall be 60. This number is inclusive of children who are enrolled in the special class at that class level.

(b) If two or more pupils are tied under criteria 1/2/3, priority will be set according to the next criterion on the list. If criterion 5 applies, the time of birth available on the birth certificate will be taken into account.

(c) Late applications

Note: Where parents wish their child to be considered under the 'level of fluency in the Irish language' provision above, that parent is invited to provide evidence to prove/ display the fluency to the Board of Management's representatives. **This evidence must be provided with the application, except when evidence is provided as a result of attendance at a meeting in the school where parents/guardians request the opportunity for such a meeting. The Board of Management will facilitate such a meeting on request, within available resources and in accordance with the Board's arrangements for such meetings.**

If the evidence provided is not deemed sufficient, the applicant will be placed in another category according to the Enrolment Policy. An appeal may be made by email to the Board of Management within a week of receiving the decision. The Board will nominate two different representatives to review the evidence of fluency provided. New evidence of fluency will not be accepted. The Board of Management's decision will be final.

In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), the following arrangements will apply:

Applicants to be placed in order by lottery.

6. What will not be considered or taken into account

In accordance with section 62(7) (e) of the Education Act, the school will not consider or take into account any of the following in deciding on applications for admission or when placing a student on a waiting list for admission to the school:

Points (a) to (g) must be included here by all schools. There are limited exceptions to some of these and schools must retain the exceptions that apply to them and delete those that do not:

1. a student's prior attendance at a pre-school or pre-school service, including naíonraí,
2. the payment of fees or contributions (howsoever described) to the school;
3. a student's academic ability, skills or aptitude other than in accordance with the provisions of section 62(9) of the act
4. the occupation, financial status, academic ability, skills or aptitude of a student's parents;
5. a requirement that a student, or his or her parents, attend an interview, open day or other meeting as a condition of admission;
6. a student's connection to the school by virtue of a member of his or her family attending or having previously attended the school other than, in the case of siblings of a student attending or having attended the school for a minimum of two years.
7. the date and time on which an application for admission was received by the school,

This is subject to the application being received at any time during the period specified for receiving applications set out in the annual admission notice of the school for the school year concerned.

This is also subject to the school making offers based on existing waiting lists (up until 31st January 2025 only).

7. Decisions on applications

All decisions on applications for admission to Gaelscoil an Bhradáin Feasa will be based on the following:

1. Our school's admission policy
2. The school's annual admission notice (where applicable)
3. The information provided by the applicant in the school's official application form received during the period specified in our annual admission notice for receiving applications

Selection criteria that are not included in our school admission policy will not be used to make a decision on an application for a place in our school.

8. Notifying applicants of decisions

Applicants will be informed in writing as to the decision of the school, within the timeline outlined in the annual admissions notice.

If a student is not offered a place in our school, the reasons why they were not offered a place will be communicated in writing to the applicant, including, where applicable, details of the student's ranking against the selection criteria and details of the student's place on the waiting list for the school year concerned.

Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal of the school's decision (see [section 18](#) below for further details).

9. Acceptance of an offer of a place by an applicant

In accepting an offer of admission from [school name], you must indicate—

-whether or not you have accepted an offer of admission for another school or schools. If you have accepted such an offer, you must also provide details of the offer or offers concerned and

-whether or not you have applied for and awaiting confirmation of an offer of admission from another school or schools, and if so, you must provide details of the other school or schools concerned.

10. Circumstances in which offers may not be made or may be withdrawn

An offer of admission may not be made or may be withdrawn by [school name] where:

- a) it is established that information contained in the application is false or misleading.
- b) an applicant fails to confirm acceptance of an offer of admission on or before the date set out in the annual admission notice of the school.
- c) the parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student; or
- d) an applicant has failed to comply with the requirements of 'acceptance of an offer' as set out in [section 10](#) above.

11. Sharing of Data with other schools

Applicants should be aware that section 66(6) of the Education (Admission to Schools) Act 2018 allows for the sharing of certain information between schools in order to facilitate the efficient admission of students.

Section 66(6) allows a school to provide a patron or another board of management with a list of the students in relation to whom:

- (i) an application for admission to the school has been received,
- (ii) an offer of admission to the school has been made, or
- (iii) an offer of admission to the school has been accepted.

The list may include any or all of the following:

- I. the date on which an application for admission was received by the school;
- II. the date on which an offer of admission was made by the school;
- III. the date on which an offer of admission was accepted by an applicant;
- IV. a student's personal details including his or her name, address, date of birth and personal public service number (within the meaning of section 262 of the Social Welfare Consolidation Act 2005).

12. Applicant list in the event of oversubscription

In the event of there being more applications to the school year concerned than places available, a list of students whose applications for admission to *Gaelscoil an Bhradáin Feasa* were unsuccessful due to the school being oversubscribed will be compiled and will remain valid for the school year in which admission is being sought.

Placement on the list of applicants of *Gaelscoil an Bhradáin Feasa* is in the order of priority assigned to the students' applications after the school has applied the selection criteria in accordance with this admission policy.

Applicants whose applications are received after the closing date, outlined in the Annual Admission Notice, will be placed at the end of the list of applicants in order of the date of receipt of the application.

Offers of any subsequent places that become available for and during the school year in relation to which admission is being sought will be made to those students on the list of applicants, in accordance with the order of priority in relation to which the students have been placed on the list.

13. Late Applications

All applications for admission received after the closing date as outlined in the annual admission notice will be considered and decided upon in accordance with our school's admissions policy, the Education Admissions to School Act 2018 and any regulations made under that Act.

Late applicants will be notified of the decision in respect of their application no later than three weeks after the date on which the school received the application. Late applicants will be offered a place if there is place available. In the event that there is no place available, the name of the applicant will be added to the waiting list as set out in Section 13.

14. Procedures for admission of students to other years and during the school year

The following are the school's procedures regarding the enrolment of pupils into classes or years other than junior infant classes.

Applications for Senior Infant Classes

If there are spaces available in the Senior Infant class but the number of applications exceed the number of spaces available, school places will be offered in line with the criteria for Junior Infant classes.

Applications for classes other than infants

- Newly registered children may be accepted in classes Rang 1- Rang 6 if there are spaces available in the class and if, in the opinion of the Board of Management, the child's fluency in Irish is sufficient enough to allow her/him take part in the class and to not require other pupils to communicate in a language other than Irish with him/her. It is the responsibility of the parent to include evidence of same to the Board of Management in the application.
- Applications for places in classes other than Naíonáin Shóisireach must be submitted in writing to An Cathaoirleach. The decision to accept a child in any other class other than Junior Infants is made by the Board of Management and their decision is binding.
- Applications for school places received during the year for coming September are dealt with at the first meeting of the Board of Management. If there are spaces available in any class but the number of applications exceed the number of spaces available, school places will be offered in line with the criteria for Junior Infant classes. Evidence of a satisfactory level of Irish must be provided before an offer can be made. If the Board deems the evidence as insufficient, the space will be offered to the next applicant.
- At the Board of Management meeting in May, applications received for the coming school year will be assessed. Any subsequent applications for the coming school year will be dealt with at another Board of Management meeting held before the summer break. The Board of Management will delegate responsibility to the Principal or to other relevant parties to deal with applications in accordance with school policy in the period between the last Board meeting of the school year and the first meeting of the new school year.

15. Declaration in relation to the non-charging of fees

The board of Gaelscoil an Bhradáin Feasa or any persons acting on its behalf will not charge fees for or seek payment or contributions (howsoever described) as a condition of:

- (i) an application for admission of a student to the school, or
- (ii) the admission or continued enrolment of a student in the school.

16. Reviews/appeals

Review of decisions by the Board of Management

The parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may request the board to review a decision to refuse admission. Such requests must be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998.

The timeline within which such a review must be requested and the other requirements applicable to such reviews are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

The board will conduct such reviews in accordance with the requirements of the procedures determined under Section 29B and with section 29C of the Education Act 1998.

Note: Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

Right of appeal

Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may appeal a decision of this school to refuse admission.

An appeal may be made under Section 29 (1) (c) (i) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to the school being oversubscribed.

An appeal may be made under Section 29 (1) (c) (ii) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due a reason other than the school being oversubscribed.

Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management **prior to making an appeal** under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)

Appeals under Section 29 of the Education Act 1998 will be considered and determined by an independent appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.

The timeline within which such an appeal must be made and the other requirements applicable to such appeals are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

Rolla: 20258E
Fón: 041 984 8667
Faics: 041 983 0681



Bóthar an Mhuilinn
Droichead Átha
Co. na Mí

Fógra Bliantúil / Annual Notice Tábhachtach / Important

**FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH i dtaca le ligean
isteach i scoilbhliain 2021/2022**

Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2021-22 ar fáil mar seo a leanas

A copy of the School Enrolment Policy, along with the Enrolment Form for 2021-22 can be accessed by:

Le híoslódáil ag/downloading at : www.gaelscoilanbhradainfaesa.com

Ar iarratas/By Request: Ach ríomhphost a sheoladh chuig/via email
runai@gaelscoilanbhradainfaesa.com

nó

scríobh chuig/or write to:

[Gaelscoil Bhradáin Feasa, Bóthar an Mhuilinn, Droichead Átha, Co na Mí.](#)